**RABHADH**
CAITHFEAR an Páipéar Ceisteanna seo a thabhairt ar ais le do leabhar freagraí ag deireadh an scrúdaithe – nó caillfear marcanna.

**Scríobh d'Uimhir Scrúdaithe anseo**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA HARDTEISTIMÉIREACHTA 2004**

# GNÓ - GNÁTHLEIBHÉAL

**(400 marc)**

DÉ CÉADAOIN 16 MEITHEAMH – MAIDIN 9.30 am go 12.00 meanlae

**FREAGAIR**

**(A) Deich gceist as Roinn 1 AGUS**

**(B) Ceithre cheist as Roinn 2 mar a leanas:**

**Ceist <u>amháin</u> as Cuid 1 agus**
**<u>Dhá</u> cheist as Cuid 2 agus**
**<u>Ceist amháin eile</u> as**
**Cuid 1 nó Cuid 2.**

**Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.**

**Tabhair faoi deara dáileadh na marcanna ar na ceisteanna.**
**Ceadaítear áireamhaín a úsáid.**

| C. | Marc |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| 11 | |
| 12 | |
| 13 | |
| 14 | |
| 15 | |
| Iomlán | |

**CUIMHNIGH AR AN BPÁIPÉAR CEISTEANNA SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN LEABHAR FREAGRAÍ INA MBEIDH NA FREAGRAÍ DO ROINN 2**

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

**Scrúdú na hArdteistiméireachta 2004**

**Gnó – Gnáthleibhéal**

**ROINN 1 – CEISTEANNA FREAGRAÍ GEARRA**
**(100 marc)**

**Freagair 10 gceist. Tá 10 marc ag dul do gach ceist. Cuir an páipéar ceisteanna seo ar ais le do thoil in éineacht le do leabhar freagraí.**

**1.** Cad dó a seasann na litreacha seo a leanas? (Scríobh gach freagra iomlán sa spás cuí)

| |
|---|
| UMB (ATM) |
| ÍMAT (PAYE) |
| T ar I (ROI) |

**2.** Rianaigh na h-úsáidí a baintear as na foirmeacha seo a leanas i gcúrsaí árachais:
(i) Foirm Tairisceana:

______________________________

______________________________

(ii) Foirm Éilimh

______________________________

______________________________

**3.** Liostaigh trí bhealach ar féidir le Teicneolaíocht an Eolais cabhrú le gnóthais:

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

(iii) ______________________________

**4.** Liostaigh dhá scil fhiontraíochta agus léirigh conas mar bainfí úsáid astu sa phobal.

(i) ______________________________

______________________________

(ii) ______________________________

______________________________

**5.** Mínigh an téarma 'saincheadú' agus léirigh do fhreagra le sampla.

______________________________

______________________________

______________________________

Sampla: ______________________________

**6.** Liostaigh trí ghníomhaíocht bainistíochta.

(i) __________

(ii) __________

(iii) __________

**7.** Tabhair 2 chúis go n-onnmhuiríonn gnólachtaí Éireannacha earraí agus tabhair 2 shampla d'onnmhuirithe Éireannacha.

Cúiseanna:

(i) __________

(ii) __________

Samplaí:

(i) __________

(ii) __________

**8.** Dréachtaigh an mheamram ó Sheán Ó Murchú, an Stiúrthóir Bainistíochta, chuig na Bainisteoirí Ranna ag meabhrú dóibh go dtionólfar cruinniú Bainisteoirí ar an 26ú Meitheamh 2004.

**MEAMRAM**

**Do:**
**Ó:**
**Dáta:**
**Maidir Le:**

**Sínithe:**

**9.** Liostaigh trí chineál eagras gnó: Sampla *: Trádálaí Aonair*

(i) __________

(ii) __________

(iii) __________

**10.** Mínigh an téarma 'Dliteanas Teoranta'

**11.** Tá an t-eolas seo a leanas ar fáil ó chuntais dheirigh GF Tta ar an 31/ 12/ 2003

Dliteanais Reatha **€100,000** Sócmhainní Reatha **€300,000**


**Ríomh**

(i) An Caipiteal Oibre

(ii) Cóimheas an Chaipitil Oibre

Taispeáin do chuid oibríochtaí:

**12.** Críochnaigh an struchtúr eagraíochtúil a leanas i gcomhair cuideachta phríomháideach theoranta ina bhfuil ceithre ranna.



**13.** Mínigh an téarma Baisctháirgeadh agus léirigh do fhreagra le sampla de tháirge a táirgíodh ag baint úsáide **as** baisctháirgeadh**.**

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

Sampla: ______________________________________

**14.** Liosta de théarmaí gnó isea colún 1. Liosta míniúcháin a d'fhéadfadh a bheith ar na téarmaí sin isea colún 2.
Meatseáil an dá liosta tríd an litir ar an téarma ceart a chur faoin uimhir cuí thíos.
Níl aon mheatseáil ar mhíniúchán amháin.

| | **Colún 1 Téarmaí** | | **Colún 2 Miniúcháin** |
|---|---|---|---|
| 1 | Comaoin | A | Nuair a aontaoíonn tríú páirtí neamhspleách cabhrú le páirtithe in easaontas toradh a fháil |
| 2 | Inniúlach conraithe | B | Ioctha ag an árachóir d'fhonn clúdach árachais a fháil |
| 3 | Rialú Creidmheasa | C | Nuair atá chaon pháirtí sa chonradh comhaontaithe agus nach bhfuil brú míchuí ar cheachtar páirtí |
| 4 | Idir-Réiteach | D | Nuair atá an cumas agus an ceart ag na páirtithe i gconradh an conradh sin a dhéanamh |
| 5 | Cúiteamh | E | Nuair a ghluaiseann sochar nó luach éigin ó pháirtí amháin i gconradh go páirtí eile. |
| 6 | Toiliú chun conradh | F | Iarracht a dhéanamh an riosca maidir le droch-fhiacha a laghdú agus déanamh cinnte de go n-íocfaidh fiachóirí ar an sprioc |
| | | G | Faighte ag an duine faoi árachas nuair a thiteann caillteanas amach. |

| 1. | 2. | 3. | 4. | 5. | 6. |
|---|---|---|---|---|---|
| E | | | | | |

**15.** Ainmnigh trí cinn de na príomh institiúidí san Aontas Eorpach

(i) ______________________________________

(ii) ______________________________________

(iii) ______________________________________

**CUIMHNIGH AR AN BPÁIPÉAR CEISTEANNA SEO A CHUR ARAIS LE DO LEABHAIR FREAGRAÍ**

## ROINN 2 (300 marc)

Freagair **ceithre** cheist as Roinn 2 mar a leanas:
Ceist **amháin** as Cuid 1 agus
**Dhá** cheist as Cuid 2 agus
Ceist **amháin** eile as cuid 1 nó cuid 2.

## CUID 1

## DAOINE I NGNÓ

**(75 marc)**

### CEIST 1

***Léigh an t-eolas a tugtar agus freagair na ceisteanna a leanas.***

Cheannaigh Caomhán cluiche ríomhaireachta i gComplaí Tta, siopa a dhéanann speisialtóireacht i mbogearraí riomhaireachta agus cluichí. Roimh cheannach,mhínigh Caomhán don chúntóir siopa cad a bhí uaidh agus rinne cur síos di ar a ríomhaire. Gheall an cúntóir dó nach mbeadh aon fhadhb aige leis an gcluiche ach nuair a bhain sé triail as sa bhaile fuair Caomhán amach nach n-oibreodh an cluiche ar a ríomhaire.

**(A)** Rianaigh bealach **amháin** chun an fhadhb thuas a réiteach (10 marc)
**(B)** Mínigh **trí** cheart atá ag Caomhán faoin Acht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí 1980 (15 marc)
**(C)** Luaigh **trí** bhuntáiste le cás a thabhairt chuig Cúirt na Mionéilimh. (15 marc)

Tá Cáit díreach taréis tosú, den chéad uair, i bpost lánaimseartha i monarchain ina baile féin. Bhuail an stíobhard ceardlainne léi agus phlé léi na buntáistí a bhaineann le dul isteach sa cheardchumann.

**(D)** Déan cur síos ar an ghaol atá idir fostóir agus fostaí. (15 marc)
**(E)** Déan cur síos ar na buntáistí atá ann do Cháit dul isteach sa cheardchumann. (20 marc)

**CUIMHNIGH AR AN BPÁIPÉAR CEISTEANNA SEO A CHUR ARAIS LE DO LEABHAIR FREAGRAÍ**


## TIMPEALLACHT INTÍRE / IDIRNÁISIÚNTA

**(75 marc)**

### CEIST 2

***Léigh an t-eolas a tugtar agus freagair na ceisteanna a leanas.***

Is comhlacht trasnáisiúnta Chemphar a dhéanann earraí ceimiceacha agus cógaiseachta don mhargadh domhanda. Tá an comhlacht ag smaoineadh ar mhonarchain nua a bhunú in eastát tionsclaíoch Bhaile an Rosa.




**(A)** Mínigh an téarma 'Comhlacht Trasnáisiúnta'. (10 marc)

**(B)** Liostaigh **<u>trí</u>** chúis go mb'fhéidir go mbeadh fonn ar Chemphar monarcha a láithriú i mBaile an Rosa. (15 marc)

**(C)** Déan cur síos ar **<u>dhá</u>** fhreagracht timpeallachta a fhéadfadh a bheith ar Chemphar dá láithreoidís monarcha I mBaile an Rosa. (20 marc)

**(D)** Rianaigh **<u>trí</u>** bhuntáiste a bheadh ann don phobal áitiúil dá láithreodh Chemphar a monarcha ansin. (15 marc)

**(E)** Déan cur síos ar ról áisínteacht stáit **amháin** a fhéadfadh tionchur a bheith aici ar chinneadh chemphar láithriú i mBaile an Rosa. (15 marc)

## TIMPEALLACHT INTÍRE / IDIRNÁISIÚNTA

**(75 marc)**

### CEIST 3

***Léigh an t-eolas a tugtar agus freagair na ceisteanna a leanas.***

Tá an trádáil idirnáisiúnta an-tábhachtach do gheilleagar na hÉireann agus cuireann tosca mar bhoilsciú, rátaí cánachais, agus rannpháirtíocht sa Mhargadh Eorpach Aonair isteach ar dhul chun cinn ghnóthais Éireannacha.

**(A)** (i) Mínigh an téarma 'boilsciú'**.**

(ii) Rianaigh **<u>dhá</u>** thoradh a bheadh ag boilsciú ard ar ghnó. (20 marc)

**(B)** Rianaigh **<u>trí</u>** bhealach ar féidir le rátaí cánachais isle bheith mar chabhair don ghnó. Bain úsáid as samplaí chun do fhreagra a léiriú (15 marc)

**(C)** Rianaigh **<u>trí</u>** iarmhairt atá ag an Margadh Eorpach Aonair ar ghnóthais Éireannacha. (15 marc)

**(D)** Déan cur síos ar **<u>dhá</u>** bhuntáiste a bhaineann le fiontair gur leis an stát iad. (10 marc)

**(E)** Mínigh an bhrí atá le 'Comhardú na n-Íocaíocht'. (15 marc)

**CUID 2**

## BAINISTÍOCHT

**(75 marc)**

**CEIST 4**

***Léigh an t-eolas a tugtar agus freagair na ceisteanna a leanas*.**

| |
|---|
| Tionólfaidh Galfchumann na Mínligh a Chruinniú Ginearálta Bliantúil ar an 1ú Iúil 2004 ar 7.30 i.n. sa chlubtheach.<br>Tá an Cathaoirleach, Seán Ó Dubhda tar éis iarraidh ar an Rúnaí Máirtín de Brún an Fógra agus an Clár don CGB a sheoladh chuig gach ball. |

**(A)** Dréachtaigh an Fógra agus an Clár don CGB.
Ba chóir **cúig** mhír a bheith ar an Chlár a mbeifí ag súil leo ar Chlár Ghalfchumainn na Mínligh (25 marc)

**(B)** Rianaigh **dhá** dhualgas a bhíonn ar Chathaoirleach ag cruinnithe. (10 marc)

**(C)** Rianaigh **dhá** dhualgas a bhíonn ar Rúnaí ag cruinnithe. (10 marc)

**(D)** Rianaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le cruinniú mar mhodh cumarsáide. (10 marc)

**(E)** Faoin Acht um Chosaint Sonraí 1988,tá ceartanna éagsúla ag daoine a bhfuil eolas pearsanta a bhaineann leo coinnithe ar ríomhaire.
Déan cur síos ar **dhá** cheann de na cearta sin. (20 marc)

## FIONTRAÍOCHT / BAINISTÍOCHT

**(75 marc)**

**CEIST 5**

***Léigh an t-eolas agus freagair na ceisteanna a leanas*.**

| |
|---|
| D'oscail Pilib Ó Móráin a chéad siopa, Seilf na Leabhar, An Phríomhshráid,Trá Lí sé bliana ó shoin ag soláthar raon fairsing leabhar ar mhórán leibhéil - leabhair scoile san áireamh . Déanann sé soláthar don bhunscoil agus do na h-iarbhunscoileanna áitiúla agus is minic leis na leabhair úd go mbíonn an-cheannach orthu a bhrú chun cinn ar luachanna íslithe.<br>Ba mhaith leis an gnó a leathnú agus díol stáisiúnóireachta, cártaí beannachtaí agus bronntanais a chur san áireamh. Tá áitreamh béal dorais tar éis teacht ar an margadh. Ba mhaith le Pilib é a cheannach agus é a úsáid chun leathnú a chur lena shiopa.<br>Tá €35,000 sábháilte aige agus tá iasacht fadtéarmach de €80,000 de dhíth air. Tá sé ag ullmhú plean gnó chun cur lena iarratas i gcomhair iasachta ón mbanc. |

**(A)** Rianaigh **trí** chúis atá le leathnú gnó. (13 marc)

**(B)** Rianaigh ***ceithre*** thosca a chuirfeadh an banc san áireamh agus breith dá dhéanamh acu maidir le h-iasacht a thabhairt do Philib. (20 marc)

**(C)** Tá na figiúirí seo leanas don bhrabús glan ó Sheilf na Leabhar ar fáil:

| Bliain | 1998 | 1999 | 2000 | 2001 | 2002 |
|---|---|---|---|---|---|
| Brabús Glan | €8000 | €12000 | €18000 | €24000 | €30000 |

Léirigh an t-eolas seo agus úsáid á bhaint agat as **barrachairt**. (12 marc)

**(D)** Dréachtaigh ***plean gnó*** do Philib chun cabhrú lena iarratas ar iasacht ón mbanc agus bain úsáid as na ***trí*** ceannteidil seo a leanas:

**1.** Úinéireacht
**2**. Airgeadas
**3.** Margaíocht (30 marc)

**CUIMHNIGH AR AN BPÁIPÉAR CEISTEANNA SEO A CHUR ARAIS LE DO LEABHAIR FREAGRAÍ**

**BAINISTÍOCHT**

**(75 marc)**

**CEIST 6**

***Léigh an t-eolas seo agus freagair na ceisteanna a leanas.***

Sí Áine Ní Bhroin an Bainisteoir Acmhainní Daonna ar Stór Ranna Uí Mhuirí, gnó mór miondíola, ina bhfuil 76 duine atá lán-aimseartha agus 15 duine atá páirt-aimseartha ar an bfoireann oibre.
Is iad na príomhfheidhmeanna atá le na post ná Traenáil agus Forbairt, Fostú, Ceapadh agus Luach Saothair

**(A)** Mínigh an téarma 'Traenáil agus Forbairt'. (15 marc)

**(B)** Rianaigh luach saothair **amháin** a bhfuil airgead i gceíst agus luach saothair amháin nach bhfuil airgead i gceist a fhéadfadh Muintir Uí Mhuirí a thabhairt dá bhfoireann díolaíochta. (20 marc)

**(C)** Rianaigh dhá bhuntáiste a ghabhann le hearcaíocht ón taobh istigh. (15 marc)

Tá folúntas ann don phost mar Bhainisteoir Oifige i Stór Ranna Uí Mhuirí agus bhí Áine i dteagmháil leis an mBainisteoir Ginearálta chun sonraíocht duine a scríobh. Sé an barrshamhail a bheadh ag an duine ná féinmhuinín; bheadh sé/sí ábalta oibriú as a stuaim féin;bheadh scileanna maithe aici/aige i gcumarsáid agus in eagrúchán;bheadh sí/sé ábalta oibriú go maith mar chuid d'fhoireann. Tá taithí bainistíochta inmhianaithe agus tá gá le scileanna ríomhaireachta don phost.

**(D)** Luaigh **dhá** bhuntáiste a ghabhann le hoibrithe ag obair mar fhoireann. (10 marc)

**(E)** Dréachtaigh fógra oiriúnach don nuachtán i gcomhair an fholúntais i Stór Ranna Uí Mhuirí. (15 marc)

**BAINISTÍOCHT / GNÓ I NGNÍOMH**

**(75 marc)**

**CEIST 7**

***Léigh an t-eolas a tugtar agus freagair na ceisteanna a leanas.***

Tugtar sainmhíniú uaireanta ar mhargaíocht mar phróiseas ina n-aithnítear, ina ndéantar réamh-mheas agus ina sásaítear riachtanais custaiméirí. Ní mór do ghnó a sprioc-mhargadh d'aithint agus an Cumasc Margaíochta a fhorbairt chun é féin a chur in oiriúint do riachtanais an chustaiméir.

**(A)** **(i)** Liostaigh coda an Chumaisc Mhargaidh (4Ps).
**(ii)** Mínigh cuid **amháin** díobh. (20 marc)

**(B)** Cad is brí le 'spriocmhargadh'? Tabhair sampla a léiríonn do fhreagra (15 marc)

**(C)** Tabhair **trí** chúis go ndéanann gnóthais taighde margaidh. (15 marc)

Tá árachas tábhachtach do ghnóthais agus do theaghlaigh agus tugann sé cumhdach i gcoinne caillteanais a d'fhéadfadh tarlú.

**(D)** Rianaigh **trí** chineál polasaí árachais a mbeifeá ag súil go mbeadh siad ag ollmhargadh. (15 marc)

**(E)** Mínigh an ghaol atá idir préimh agus riosca in árachas.
Tabhair sampla **amháin** chun do fhreagra a léiriú. (10 marc)

**CUIMHNIGH AR AN BPÁIPÉAR CEISTEANNA SEO A CHUR ARAIS LE DO LEABHAIR FREAGRAÍ**

| BAINISTÍOCHT / GNÓ I NGNÍOMH |
|---|

**(75 marc)**

## CEIST 8

***Léigh an t-eolas a tugtar agus freagair na ceisteanna a leanas.***

Is gnó mórdhíola torthaí agus glasraí é Glasábhar atá láithrithe i Luimneach. Bhunaigh na deartháireacha Tomás agus Pádraig Ó Duinn an gnó ceithre bliana ó shoin. Solátharaíonn said toradh agus glasraí úra do mhiondíoltóirí áitiúla agus do roinnt óstáin agus bialanna. Tugann said earraí ar cairde (mí amháin) do na custaiméirí sin is faide atá ag déileáil leo. Cé go bfhuil siad thar a bheith gnóthach,tá imní ar Thomás mar nach n-íocann roinnt de na custaiméirí seo a gcuid billí in am. Shocraigh siad Réamhaisnéis Sreabhadh Airgid a ullmhú don chéad trí mhí de 2004 chun go bhfaighdís amach an bhfuil gá acu le hiasacht bhainc.

| **Glasábhar Tta** | **Réamhaisnéis Sreabhadh Airgid 2004** | | |
|---|---|---|---|
| | **Eanáir**<br>€ | **Feabhra**<br>€ | **Márta**<br>€ |
| **<u>Fáltais:</u>** | | | |
| Díolacháin ar airgead síos | 46000 | 45000 | 44000 |
| Ó Fhiachóirí | 18000 | 15000 | 17000 |
| Fáltais eile | 0 | 1200 | 800 |
| Iomlán fáltais | 64000 | 61200 | 61800 |
| **<u>Íocaíochtaí:</u>** | | | |
| Ceannacháin ar airgead síos | 36000 | 34500 | 36500 |
| Íocaíochtaí le creidiúnaithe | 23000 | 22500 | 24000 |
| Pá | 1500 | 1500 | 1500 |
| Íocaíochtaí eile | 2500 | 4500 | 1500 |
| Iomlán Íocaíochtaí | 63000 | 63000 | 63500 |
| Airgead Glan | 1000 | (1800) | (1700) |
| Airgead Tosaigh | 100 | 1100 | (700) |
| Airgead Deiridh | 1100 | (700) | (2400) |

**(A)** Déan idirdhealú idir miondíoltóir agus mórdíoltóir. (10 marc)

**(B)** Cad is brí le rótharraingt bainc?
Cad í an mhí (na míonna) ina mbeidh rótharraingt bainc uaidh Ghlasábhar? (15 marc)

**(C)** Rianaigh **<u>trí</u>** chúis le go n-ullmhódh gnóthas réamhaisnéis sreabhadh airgid. (15 marc)

**(D)** Rianaigh **<u>dhá</u>** bhealach a fhéadfadh Glasábhar Tta áiteamh ar a gcuid custaiméirí (fiachóirí) íocaíocht a dhéanamh in am. (20 marc)

**(E)** Déan cur síos ar **<u>thrí</u>** chineál tionscnaimh díolaíochta a fhéadfadh Glasábhar a úsáid chun custaiméirí nua a mhealladh agus díolacháin a mhéadú. (15 marc)

**CUIMHNIGH AR AN BPÁIPÉAR CEISTEANNA SEO A CHUR ARAIS LE DO LEABHAIR FREAGRAÍ**